

Eleathanach273

Dé Luain 16 Deireadh Fómhair 2017

Turas an-speisialta ar thraein a bhí i scannáin *Harry Potter*

Bhí muintir Cluett ar saoire in Albain le déanaí. Bhí orthu siúl an-fhada a dhéanamh go dtí a dteach beag a bhí suite in áit iargúlta. Ní raibh aon teach eile gar dóibh.


Bhí na páistí óg; bhí ceathrar sa chlann idir sé bliana agus dhá bhliain déag d'aois. Ach bhí rogha eile acu, an turas a dhéanamh ar bhád. Rinne siad an turas trasna an locha i gcadhc. Níor thóg an turas sin ach deich nóiméad orthu.

Ach an mhaidin dár gcionn, baineadh geit uafásach astu. Bhí a mbád imithe le sruth. Bhí siad i bponc! Chuir siad fios ar na póilíní. Dúirt na póilíní leo siúl go dtí an seaniarnród turasóireachta agus fanacht ansin ar thraein.

Agus baineadh geit eile astu nuair a tháinig an traein. Cad a bhí rompu ach an traein a thug na draoithe óga go scoil *Hogwarts* i scannáin *Harry Potter*! Ní dhéanfaidh siad dearmad ar an tsaoire sin go deo!



Rinne siad an turas i gcadhc



Léaráidí d'Asterix agus Obelix ar díol i bPáras

Is breá linn uilig na scéalta i bhfoirm cartúin faoin ngaiscíoch beag Ceilteach, Asterix, agus a chara mór, Obelix. Is féidir na scéalta faoin trioblóid mhór a thug siad don arm Rómhánach, a léamh i mbreis agus 100 teanga anois, an Ghaeilge ina measc.

An tseachtain seo caite, bhí ceant ar siúl i bPáras chun léaráidí d'Asterix agus Obelix a dhíol. Bhí na pictiúir sínithe ag na daoine a chruthaigh na scéalta, Albert Uderzo agus René Goscinny. Fuair siad €1.2 milliún ar léaráid amháin agus €1.4 milliún ar léaráid eile.

Niall Horan: ceolchoirm eile i 2018 i mBÁC

Beidh ceolchoirmeacha ag Niall Horan in Éirinn mí an Mhárta seo chugainn. Beidh sé ag canadh sa *3 Arena* ar 12 agus 29 Márta 2018. Beidh na ticéid don dara ceolchoirm ar díol ar an Déardaoin. Bhí Niall Horan ina bhall den bhanna *One Direction* agus bhuail sé leis na daoine eile sa ghrúpa ar an gclár, *XFactor*. An mhí seo caite, chuir sé ceolchoirm i Meicsiceo ar ceal tar éis creatha talún. D'eisigh sé albam nua, *Flicker*, agus tá ag éirí go maith leis.

Spéirling *Ophelia*

Thar an deireadh seachtaine, chualamar go raibh Spéirling *Ophelia* ag teacht inár dtreo. Thug Met Éireann rabhadh oráiste don tír ar dtús, toisc gur thuig siad go mbeadh an ghaoth ar fud na tíre an-láidir.

Nuair a fuair siad níos mó eolais faoin stoirm, shocraigh siad an rabhadh a ardú go dearg ar fud na tíre. D'ordaigh an Roinn Oideachais do na scoileanna ar fud na tíre dúnadh ar an Luan agus arís ar an Máirt.

Leag an ghaoth crainn ar fud na tíre agus shéid sí an díon d'fhoirgnimh i gCorcaigh. Chualamar, faraor, go bhfuair triúr bás de bharr na spéirlinge.

